Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN TEASTAS SÓISEARACH, 2013

# SCÉIM MHARCÁLA

# FRAINCIS

# ARDLEIBHÉAL

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH

## FRAINCIS – ARDLEIBHÉAL 2013

## SCÉIM MHARCÁLA

Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

Léiríonn **tulslais** / roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar dhá fhreagra ar leith mar sin.

Léiríonn **dais -** roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cearnógacha** [ ] ábhar a bhaineann leis an scéim mharcála a thugtar mar eolas breise ar mhaithe leis na scrúdaitheoirí.

Léiríonn **lúibíní cruinne** ( ) ábhar a d'fhéadfaí a thabhairt i bhfreagra an iarrthóra ach nach meastar a bheith riachtanach chun na marcanna iomlána a ghnóthú.

**N.B.** Níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.

D'fhéadfadh feidhm a bheith ag **córas pionóis** lena mbaineann asbhaint marcanna maidir le ceisteanna áirithe chun cosc a chur ar an bhféidearthacht go "liostaíonn" iarrthóirí na freagraí féideartha go léir ar cheist ar leith. Sna cásanna sin, d'fhéadfadh freagra farasbairr atá contráilte freagra ceart a chealú.

### Socruithe Réasúnta do Scrúduithe an Teastais

Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe den ghramadach, mar a míníodh ag an gcomhdháil.

I bhFraincis Ardleibhéil an Teastais Shóisearaigh, ní bhaineann an mionathrú seo de ghnáth ach leis an dá cheist i Roinn III den pháipéar mar a bhfuil 15 mharc ar fáil as teanga i gceist (a) agus 25 marc ar fáil as teanga i gceist (b).

## ROINN I Cluastuiscint (140 marc)

### A (24 marc)

| | | |
|---|---|---|
| An chéad chomhrá: | D | 8 marc |
| An dara comhrá: | A | 8 marc |
| An tríú comhrá: | B | 8 marc |

### B (32 marc)

### An Chéad Chainteoir: ***<u>Juliette</u>***

*Aois:* 17 — 2 mharc

***Dhá** mhír eolais faoin gcuma atá uirthi*:

- gruaig dhubh
- súile donna / cróna
- ar mheánairde

2 + 2 mharc

*Slí **amháin** a gcabhraíonn sí lena máthair*:

- siopadóireacht
- cócaireacht / cócaráil

2 mharc

*Rud is maith léi a dhéanamh lena cairde:* siúlóidí (fada) — 2 mharc

*Rud **amháin** a deir sí atá tábhachtach*:

- coinneáil aclaí / dea-chuma a choinneáil
- a bheith gníomhach

2 mharc

*Toradh **amháin** is maith léi a ithe sa samhradh*:

- sú talún
- sú craobh

2 mharc

*An áit a n-oibríonn sí ag an deireadh seachtaine*:

bácús — 2 mharc

## An Dara Cainteoir: ***<u>Léonard</u>***

***Dhá*** *mhír eolais faoin áit a bhfuil sé ina chónaí:*

- sráidbhaile (beag)
- (sna) sléibhte 2 + 2 mharc

*Ainmhí a luann sé:* capall 2 mharc

***Dhá*** *rud is maith lena mhic a dhéanamh sa gheimhreadh:*

- an giotár (a sheinm)
- DFÉ / jabanna beaga 2 + 2 mharc

*An caitheamh aimsire is fearr leis:*

gluaisrothaíocht / rothaíocht ar ghluaisrothar 2 mharc

*An lá den tseachtain ar tharla an timpiste:*

an Domhnach 2 mharc

*An rud a dtabharfaidh an teaghlach cuairt air in Albain:*

caisleán (stairiúil) / caisleáin (stairiúla) 2 mharc

## C (30 marc)

**1.** **(a)** stáisiún (traenach) — 3 mharc

[busáras = 0]

**(b)** (tóg) an chéad (sráid) ar dheis agus tá sé ar chúl na hamharclainne — 3 mharc

[an chéad chasadh ar dheis = 2 mharc]

**2.** **(a)** seomra dhá leaba / (seomra le) dhá leaba — 3 mharc

[seomra dúbailte = 0]

**(b)** **VERLAT** — 3 mharc

[4 nó 5 litir ceart = 2 mharc]

[1 go 3 litir ceart = 1 mharc]

**3.** **(a)**
- ceann (iontach) nimhneach / (droch)thinneas cinn — 3 mharc
- chuir sí amach / bhí tinneas uirthi (ar feadh na hoíche)

**(b)** 10.30 (a.m.) — 3 mharc

[10.30 p.m. = 0]

**4.** **(a)** an Ghearmáin — 3 mharc

**(b)** eitleán / eitilt (eitleoidh sé) — 3 mharc

**5.** **(a)** blús — 3 mharc

**(b)** **<u>83.12.58</u>** — 3 mharc

**D (40 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | - tráthnóna inné / aréir | 4 mharc |
| | **(b)** | (san) iardheisceart / (ar) fheirm | 4 mharc |
| **2.** | **(a)** | níl aon deartháir/deirfiúr aici / is leanbh aonair í | 4 mharc |
| | **(b)** | - cainteach<br>- dícheallach | 4 mharc |
| | **(c)** | chun na hainmhithe (feirme) a bheathú | 4 mharc |
| **3.** | **(a)** | - scoil do chailíní (atá inti)<br>- (tá) éide (ann)<br>- (tá uirthi) sciorta dúghorm (a chaitheamh)<br>- (tá uirthi) carbhat glas (a chaitheamh)<br>[lúide dhá mharc as dath mícheart] | 4 + 4 mharc |
| | **(b)** | - labhraíonn (a tuismitheoirí / siad) an teanga / í / Gaeilge sa bhaile | 4 mharc |
| **4.** | **(a)** | (i) mí an Mhárta | 4 mharc |
| | **(b)** | (cead) a iarraidh ar an bpríomhoide | 4 mharc |

## E (14 mharc)

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | (tá sé ar an mbláth) is mó / is airde ar domhan | 2 mharc |
| | (**b**) | tá boladh feola (as) | 2 mharc |
| **2.** | **(a)** | 10 milliún (euro) | 2 mharc |
| | **(b)** | úsáideann sé dáta(í) breithe / lá (laethanta) breithe a leanaí | 2 mharc |
| **3.** | **(a)** | trá (ceithre thrá) | 1 mharc |
| | **(b)** | truailliú uisce | 1 mharc |
| **4.** | **(a)** | carranna (seanré ) (seancharranna) | 1 mharc |
| | **(b)** | músaem a chruthú / a oscailt | 1 mharc |
| **5.** | **(i)** | te | 1 mharc |
| | **(ii)** | fliuch | 1 mharc |

**ROINN II** **LÉAMHTHUISCINT** **(100 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | B | 8 marc |
| | **(b)** | D | 8 marc |
| **2.** | **(a)** | cáis | 6 mharc |
| | **(b)** | cuir an liamhás agus ológa sa bhabhla | 6 mharc |
| | **(c)** | le prátaí | 6 mharc |
| **3.** | **(a)** | gorm (éadrom)<br>[gorm dorcha = 0] | 2 mharc |
| | **(b)** | - (nuair a bhíonn sé) ag súgradh sa ghairdín<br>- (nuair a bhíonn sé) ag súgradh san fhorhalla / san fhorsheomra / sa halla | 2 mharc |
| | **(c)** | - ag glacadh suaimhnis / ag tabhairt scíthe (ar tholg)<br>- ag codladh (gar don linn snámha)<br>- ag fiach luch (sna pasáistí) | 2 mharc |
| **4.** | **(a)** | Taureau | 6 mharc |
| | **(b)** | Scorpion | 6 mharc |
| | **(c)** | Poissons | 6 mharc |
| | **(d)** | Lion | 6 mharc |
| **5.** | **(a)** | - (suite) cois na farraige<br>- níl sé i bhfad ó na sléibhte / tá sé gar do na sléibhte | 2 mharc |
| | **(b)** | - beagán / líon beag rialacha / rialachán<br>- níl gníomhaíochtaí éigeantach | 2 mharc |
| | **(c)** | bhí bricfeasta aici | 2 mharc |
| | **(d)** | dreapadóireacht (ailleadóireacht) | 2 mharc |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6.** | **(a)** | - a bheith 13 (bliana d'aois) (ar a laghad)<br>- dea-fholláine (coirp) a bheith aige/aici / a bheith folláin<br>- taitneamh a bhaint as obair bhuíne | 2 mharc |
| | **(b)** | Déardaoin | 2 mharc |
| | **(c)** | an leathchuid | 2 mharc |
| | **(d)** | an leoraí / an trucail / an t-inneall dóiteáin (dearg) a ní | 2 mharc |
| **7.** | **(a)** | (uaireanta bíonn) stoirmeacha (toirní) ann /<br>bíonn sé stoirmeach | 1 mharc |
| | **(b)** | 40 lá roimh an gCáisc | 1 mharc |
| | **(c)** | 2,000 / Dhá mhíle | 1 mharc |
| | **(d)** | caitheann siad bláthanna (ar an lucht féachana) | 1 mharc |
| | **(e)** | - hataí (greannmhara)<br>- (cuid mhór) smididh | 1 mharc |
| | **(f)** | tinte ealaíne | 1 mharc |
| **8.** | **(a)** | - níor thuig sí an múinteoir (i gcónaí)<br>- rinne (comhscoláirí / siad) magadh faoina canúint | 1 + 1 mharc |
| | **(b)** | (i) vardrús | 1 mharc |
| | **(c)** | - grá<br>- grámhaireacht / muirn / armacas<br>- dóchas | 1 mharc |
| | **(d)** | - foirgnimh ollmhóra / ilstóraigh spéire<br>- trácht | 1 mharc |
| | **(e)** | ag dul (amach) chuig club (oíche) / dioscó i rith na seachtaine | 1 mharc |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **9.** | **(a)** | (i) bpáirc (gar don teach) | 1 mharc |
| | **(b)** | muca, gabhair, cearca / sicíní<br>[2 ainmhí ag teastáil le haghaidh 1 mharc] | 1 mharc |
| | **(c)** | ní raibh leictreachas (ina dteach / acu) | 1 mharc |
| | **(d)** | níl siad ag teastáil (uaidh) | 1 mharc |
| | **(e)** | - ag siúl san fhoraois<br>- iascaireacht | 1 mharc |
| | **(f)** | bíonn sé neamheaglach / ní bhíonn eagla air /<br>ní bhíonn sé neirbhíseach | 1 mharc |
| | **(g)** | an ghaoth (láidir) | 1 mharc |
| | **(h)** | "Rinne tú do dhícheall agus táimid (iontach) bródúil asat" | 1 mharc |

## Roinn III		Scríobh na Teanga		(80 marc)

**(a)** ***An Nóta***

Cumarsáid = 15 mharc
Teanga = 15 mharc
Iomlán = 30 marc

Ní mór don iarrthóir plé le tri phointe. Ba cheart creidiúint a thabhairt as gach pointe a luaithe is a fheictear sa fhreagra é trí P1, P2, P3 a scríobh san imeall ar thaobh na láimhe clé. Cinntítear an marc a bhronntar faoin dá cheannteideal - cumarsáid agus teanga - ansin trí thagairt don ghreille mharcála thíos.

**(Tabhair ar aird mionathruithe ar an measúnú teanga i gcás scripteanna RACE, mar atá luaite cheana ag tús na scéime marcála seo.)**

……………………………………………………………………………………………….

**(b)** ***An Litir***

Miondealaítear marcanna don litir mar seo a leanas:

Leagan amach = 5 mharc
Cumarsáid = 20 marc
Teanga = 25 marc
Iomlán = 50 marc

**Leagan amach don litir neamhfhoirmiúil:**

Cinntítear na cúig mharc do leagan amach na litreach mar seo a leanas:

- Ní mór *áit* agus *dáta* a bheith ar an líne chéanna i dtreo an chúinne ag barr ar dheis.
- Ba cheart "**septembre**" a bheith ar an *mí* a úsáidtear agus is gá nach dtosaíonn sé le ceannlitir e.g. is úsáid atá ceart go hiomlán í "an Longfort, le 15 septembre".
- *Beannacht:* Seachas an ghnáthbheannacht, i.e. Chère Liliane, glactar le "salut" agus "bonjour" freisin.
- *Deireadh a chur leis:* Is leor ceann ar bith de na foirmlí a nglactar leo de ghnáth e.g. "amitiés", "amicalement", "à bientôt", etc. i dteannta an ainm, ach ní mór an litriú a bheith **iomlán** ceart. Má thugtar níos mó ná deireadh amháin, bronn marcanna as an gceann deiridh amháin.

**Marcáil an Leagain Amach**

| | | |
|---|---|---|
| áit / seoladh | = 1 | |
| le + figiúr | = 1 | [ d'fhéadfaí an figiúr a scríobh mar fhocal ach ní mór an litriú a bheith ceart, e.g. "le quinze septembre" nó "le 15 septembre" ] |
| mí | = 1 | |
| beannacht | = 1 | |
| deireadh | = 1 | |

**CUMARSÁID:**

| Marcanna as (a)<br>Cárta Poist | *Cumarsáid* | Marcanna as (b)<br>Litir |
|---|---|---|
| 11 go 15 mharc | **An chatagóir uachtair**<br>• Ábhar sothuigthe do Fhrancach aonteangach<br>• Úsáid mhaith nó shármhaith as an gcuid is mó nó as gach cuid den ábhar spreagthaigh (i.e. pointí)<br>• Meas ar réim cheart teanga | 14 go 20 marc |
| 6 go 10 marc | **An chatagóir láir**<br>• Ábhar beagáinín intuigthe nó réasúnta intuigthe do Fhrancach aonteangach<br>• Úsáid leordhóthanach ar éigean nó úsáid leordhóthanach as cuid nó as gach cuid den ábhar spreagthaigh | 8 go 13 mharc |
| 0 go 5 mharc | **An chatagóir íochtair**<br>• Ábhar dothuigthe nó intuigthe ar éigean do Fhrancach aonteangach<br>• Gan úsáid nó beagán úsáide as an ábhar spreagthaigh | 0 go 7 marc |

**TEANGA:**

| Marcanna as (a)<br>Cárta Poist | *Teanga* | Marcanna as (b)<br>Litir |
|---|---|---|
| 11 go 15 mharc | **An chatagóir uachtair**<br>• Úsáid as stór focal maith nó saibhir lena n-áirítear nathanna cainte Fraincise, b'fhéidir<br>• Gan mórán dearmad sna briathra - aimsirí, aontuithe, etc.<br>• Úsáid mhaith nó shármhaith as gnéithe eile, e.g. aidiachtaí, dobhriathra, réamhfhocail, forainmneacha, frithoibríocht<br>• Na litrithe ceart ar an iomlán | 18 go 25 marc |
| 6 go 10 marc | **An chatagóir láir**<br>• Stór focal leordhóthanach ar éigean nó leordhóthanach<br>• Na briathra mícheart ar an iomlán nó corruair<br>• Úsáid leordhóthanach ar éigean as gnéithe eile gramadaí mar atá liostaithe thuas | 10 go 17 marc |
| 0 go 5 mharc | **An chatagóir íochtair**<br>• An-drochúsáid nó drochúsáid as an stór focal<br>• Gach briathar nó formhór na mbriathra mícheart<br>• Gan úsáid cheart nó beagán úsáid cheart as gnéithe eile gramadaí mar atá liostaithe thuas | 0 go 9 marc |

**Grád iomlán a bhronntar ar gach script (uasmhéid = 320 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| A | = | 272 - 320 marc |
| B | = | 224 - 271 marc |
| C | = | 176 - 223 marc |
| D | = | 128 - 175 marc |
| E | = | 80 - 127 marc |
| F | = | 32 - 79 marc |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ar chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú **síos**.

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na hábhair a leanas:

- **Fraincis**

## Iomlán: 320 Gnáthráta: 5%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 246 | 11 |
| 247 - 253 | 10 |
| 254 - 260 | 9 |
| 261 - 266 | 8 |
| 267 - 273 | 7 |
| 274 - 280 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 286 | 5 |
| 287 - 293 | 4 |
| 294 - 300 | 3 |
| 301 - 306 | 2 |
| 307 - 313 | 1 |
| 314 - 320 | 0 |